# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

15 Aibreán 2021

### A DHÉAGÓIR, AR MHAITH LEAT €200?

Beidh **Féile Chois Fharraige** ar bun ón 1-10 Deireadh Fómhair 2021. Féile ealaíon agus cultúir a bheas sa bhféile a dhéanfaidh ceiliúradh ar chultúr, cheol, ealaíon, oidhreacht agus traidisiún Chois Fharraige. Tá scileanna cruthaitheacha aosa óig Chois Fharraige ag teastáil le lógó a dhearadh don Fhéile! Beidh an lógó á úsáid mar chomhartha aitheantais don Fhéile ar ábhar bolscaireachta, ar fhógraí agus ar líne. Iarrtar ar dhéagóirí an cheantair a gcuid iarratais a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com faoin Aoine 21 Bealtaine. Bronnfar duais €200 ar an mbuaiteoir.





### FOLÚNTAIS AG TEARMANN ÉANNA

Tá cúramóirí baile ar bhonn páirt-aimseartha agus lán-aimseartha á lorg ag **Tearmann Éanna**. Ní mór cáilíochtaí FETAC Leibhéal 5 i gCúram Baile a bheith ag na hiarratasóirí, nó iad a bheith ag tabhairt faoin gcáilíocht sin a bhaint amach faoi láthair. Beidh uaireanta solúbtha i gceist le ráta pá iomaíoch. Glacfar le hiarratais suas go dtí an Aoine 30 Aibreán. Is féidir foirm iarratais a fháil ag www.tearmanneanna.ie nó is féidir breis eolais a fháil ó tacaiochtb@gmail.com

### AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga na Mí ar an Máirt 20ú Aibreán @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Simon Ó Cróinín a bheas i mbun cainte agus an garraí fiáin a bheas á phlé aige. Roinnfidh Simon a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle maidir leis an ngné seo den gharraíodóireacht. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Simon chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com le clárú don ócáid roimh mheán lae ar an Luan 19ú Aibreán le do spás a chur in áirithe. Feicfidh muid ann sibh a chairde!



AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH
SRAITH CAINTEANNA AR LÍNE FAOI GHARRAÍODÓIREACHT AGUS AN DÚLRA

### DEISEANNA FOSTAÍOCHTA LE TG4

Tá TG4 sa tóir ar chomhlachtaí cáilithe chun réimse seirbhísí a sholáthar do thréimhse trí bliana ó thús mhí Bealtaine '21. Baineann na seirbhísí le fotheidil éagsúla do chraolacháin an chomhlachta. Tá breis eolais ar fáil ag www.iftn.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hAnn Marie Nic Dhonnacha ag annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie. Ní mór na hiarratais a chur isteach go leictreonach faoin 6i.n. ar an Luan 26 Aibreán. Go n-éirí go geal libh a chairde.

### POSTANNA NUA SA SPIDÉAL LE ARAN BIOMEDICAL

D'fhógair **Aran Biomedical** le gairid go gcruthófar 150 post breise sa Spidéal as seo go ceann trí bliana. Is cliant-chomhlacht de chuid **Údarás na Gaeltachta** é Aran Biomedical, comhlacht atá lonnaithe ar an gCoilleach. Tá sé ar cheann de na príomh-imreoirí in earnáil na bhfeistí leighis, ó thaobh forbairt agus déantúsaíocht feistí leighis a théann isteach sa gcolainn. De bharr fás in éileamh ar na feistí leighis d'fhógair an comhlacht go méadófar an fhoireann trí na poist nua sár-oilte seo a chruthú, le cur leis an 120 post atá acu faoi láthair. Is le tacaíocht Údarás na Gaeltachta atá Aran Biomedical in ann na postanna breise seo a chur ar fáil.

ARAN BIOMEDICAL

### NAÍONRA NA MINNA AG GLACADH LE HIARRATAIS

Tá **Naíonra na Minna** ag glacadh le hiarratais anois do pháistí ag iarraidh áit a chur in áirithe do mhí Mheán Fómhair. Tá féidearthachtaí do dhá bhliain saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige ar fáil sa naíonra. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Barbara ag 087 224 1488 le tuilleadh eolais a fháil nó teachtaireacht a sheoladh chuig mine@cnng.ie

## SIAMSÁN SA MBAILE: BÁCÁIL LE KAYLEIGH

Beidh **Siamsán na nÓg: sa mBaile**, de chuid Thuismitheoirí na Gaeltachta i mbun bácála ar an Satharn 17 Aibreán @ 12 meánlae. Ar *Zoom* a bheidh an seisiún faoi threoir Kayleigh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó áit a chur in áirithe ach teagmháil a dhéanamh le eilin@tuismitheoiri.ie Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré. Ócáid shiamsúil don teaghlach uilig atá ann!





## BIONGÓ!

Tá ag éirí go hiontach le Biongó ar líne, atá á eagrú ag **Club Iománaíochta Bearna/Na Forbacha** le roinnt seachtainí anuas. Anois agus fad breá tagtha ar an tráthnóna, tá sé beartaithe ag an gClub sos a thógáil. Cuirfear críoch leis an mBiongó ar líne ar an Mháirt 20 Aibreán ag 8i.n. ach tá rún ag an gClub Iománaíochta an Bingó a eagrú arís, ag tosú ar ais théis an tsamhraidh. Is féidir na leabhair biongó a cheannach don seisiún deireanach ar €10 an ceann, roimh mheánlae ar an Máirt seo chugainn, ach an nasc cuí a fháil ón suíomh idirlín www. bearna-na forbacha hurling club/posts.

## COMÓRTAS NA MBAILTE SLACHTMHARA

Tá **Comhlacht Forbartha an Spidéil** sa tóir ar dhaoine a bheadh sásta cúnamh a thabhairt leis an tsráidbhaile a réiteach do **Chomórtas na mBailte Slachtmhara 2021**. Tá dul chun cinn maith déanta ag An Spidéal sa gcomórtas le tamall anuas agus cuireann sé go mór leis an tsráidbhaile go bhfuil an cosán siúil cois cladaigh críochnaithe. Tá an cosán dúnta faoi láthair de bharr obair cothabhála atá á dhéanamh ar an droichead trasna na habhann, a cheanglaíonn An Spidéal le Paróiste an Chnoic. Duine ar bith atá ag iarraidh cúnamh a thabhairt is féidir dul i dteagmháil le hAodán Mac Donnacha ag 091 553666.





## CRUINNIÚ NA NÓG: CRUTHAÍM

Tá feachtas náisiúnta seolta ag **Meangadh Fíbín**, i gcomhar le **Cruinniú na nÓg**, **TG4** agus **Cúla4** mar chuid de Chruinniú na nÓg i mbliana. Tá duine óg as gach contae in Éirinn agus duine amháin ón diaspora á lorg acu le bheith páirteach i sraith físeán a dhéanfaidh ceiliúradh ar chruthaitheacht óige na hÉireann. Tabharfar deis do na daoine óga a scéal pearsanta a insint, an caitheamh aimsire nó an ealaín a thaitníonn leo a léiriú go físiúil agus go spreagúil. Craolfar na físeáin ar TG4/Cúla4 agus ar líne ar 12 Meitheamh. Ní mór do na hiarratasóirí bheith idir 5-16 bliain d'aois. Le hiarratas a dhéanamh ní mór grianghraf nó físeán gearr (30 soicind) de do chuid oibre i réimse ina bhfuil tú paiseanta faoi - ealaín, cócaireacht, códáil nó aon ábhar ealaíonta eile - nó litir chun tú féin a chur i láthair a sheoladh chuig cruthaim@gmail.com. Is é Dé Céadaoin 21ú Aibreán an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh.
Tá breis eolais ar fáil ar an chuntas Facebook: Meangadh Fíbín.

## RANGANNA DAMHSA ACLAÍOCHTA

Tá ranganna damhsa aclaíochta á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Cuireadh tús leo ar an Luan 12 Aibreán @ 7i.n. Deis damhsa le ceol comhaimseartha agus píosa spraoi trí mheán na Gaeilge a bheas ann faoi stiúir Chiara Ní Loingsigh - damhsóir gairmiúil le taithí aici ar ranganna damhsa a mhúineadh ar *Zoom*. Tá spás nó dhó ar fáil fós sa rang, mar sin, más mian leat páirt a ghlacadh sna seisiúin, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@ gmail.com nó ag 0830106294 le spás a chur in áirithe. Is imeacht saor in aisce é seo! Seolfar an nasc chugat ar an lá.




Deis damhsa le ceol comhaimseartha agus craic trí mheán na Gaeilge.

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA

Cuireadh tús le **Comórtas Reatha na Gaeltachta** le gairid agus tá ag éirí go hiontach ar fad le foireann Chois Fharraige sin *Cosa Farraige*. Breis is 1,500km a thaistil an fhoireann an tseachtain seo caite, idir siúl agus rith! Glacadh na grianghraif áille seo le linn na seachtaine. Leanaigí leis!

